An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# Athbhreithniú ar na Rialacháin d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige

# Comhairliúchán Poiblí

## Doiciméad Eolais

## Réamhrá

Déantar foráil maidir le seirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige (ELC) san Acht um Chúram Leanaí, 1991 arna leasú le Cuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlaigh, 2013 (an tAcht) agus Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016 (Na Rialacháin). Cuireann an tAcht cumhachtaí substaintiúla ar fáil do Chigireacht Luathbhlianta Tusla (EYI Tusla), an rialtóir reachtúil neamhspleách don earnáil, maidir le clárú, cigireacht agus forfheidhmiú. Leagtar amach sna Rialacháin **na híoschaighdeáin** nach mór do sheirbhísí ELC a chomhlíonadh chun clárú le EYI Tusla agus chun seirbhís ELC a oibriú.

In 2019, d'fhógair an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ag an am go dtabharfadh an Roinn faoi athbhreithniú ar chumhachtaí forfheidhmithe EYI Tusla agus go ndeachthas i gcomhairle le Cathaoirleach Tusla chun tuairimí an Bhoird a fháil ar an ábhar. Go háirithe, theastaigh ón Aire cumhachtaí Tusla a leathnú chun cur ar a chumas seirbhísí a dhúnadh nó a chur ar fionraí láithreach, i gcásanna ina raibh imní shuntasach sábháilteachta nó leasa aige maidir le seirbhís. Pléadh san athbhreithniú freisin ar conas is féidir tuismitheoirí a chur ar an eolas a luaithe is féidir faoi imní thromchúiseach faoi sheirbhís atá á himscrúdú ag EYI Tusla.

Cé gur cuireadh tús leis an obair ar an athbhreithniú in 2019, b'éigean stop a chur leis an obair sin le linn phaindéim Covid-19. Chuir an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige tús arís leis an obair thábhachtach seo in 2021. Ós rud é go mbíonn tionchar ag rialáil seirbhísí ELC ar raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear soláthraithe, oideoirí luathbhlianta, tuismitheoirí agus leanaí, is mian leis an Aire tuairimí na bpáirtithe leasmhara sin agus an pobal i gcoitinne a fháil maidir leis an athbhreithniú.

## Scóip an Athbhreithnithe

Cé go ndíreoidh an t-athbhreithniú go príomha ar chumhachtaí forfheidhmithe EYI Tusla, glacfaidh an DCEDIY an deis freisin chun scrúdú níos leithne, bíodh is go bhfuil sé teoranta, a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur i bhfeidhm na Rialachán ó 2016 i leith. Áireofar leis seo scrúdú i dtaobh an bhfuil cur i bhfeidhm na Rialachán bríoch agus pragmatach, an féidir riachtanais a shruthlíniú nó a laghdú gan tionchar a imirt ar cháilíocht, an bhfuil aon bhearnaí suntasacha sna Rialacháin agus an bhfuil dóthain soláthair ann do chomhroinnt faisnéise le tuismitheoirí maidir le forfheidhmiú na Rialachán.

Ní chuimsíonn an t-athbhreithniú seo scrúdú ar riachtanais rialála do chúram leanaí ar aois scoile nó d'fheighlithe leanaí mar go scrúdófar na saincheisteanna seo i bpróisis ar leithligh. Ná ní áirítear leis athbhreithniú ar struchtúr na Cigireachta. Ar deireadh, mar gheall ar fhoilsiú "Scileanna a Chothú": An Plean Lucht Saothair d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile, 2022-2028, níl aon phleananna ann aon mheasúnú ar riachtanais cháilíochta d'oideoirí luathbhlianta a chur san áireamh san athbhreithniú seo.

## An Comhairliúchán Poiblí

Is éard atá i gceist leis an gcomhairliúchán ná glao ar aighneachtaí agus suirbhé ar líne. Ina theannta sin, sainaithneofar topaicí ó na haighneachtaí agus ó fhreagraí an tsuirbhé le haghaidh tuilleadh plé i sraith fócasghrúpaí. Más gá, féadfaidh an DCEDIY cinneadh a dhéanamh tuilleadh imeachtaí comhairliúcháin a reáchtáil.

Tá gach eolas maidir leis an gcomhairliúchán ar fáil anseo
https://www.gov.ie/ga/comhairliuchan/2f820-comhairliuchan-poibli-maidir-le-hathbhreithniu-ar-na-rialachain-dfhoghlaim-agus-curam-na-luath-oige/

## Na hÁbhair atá le clúdach i gComhairliúchán

Díríonn an comhairliúchán poiblí seo go príomha ar chumhachtaí forfheidhmithe an Rialálaí a fheabhsú. Mar sin féin, tugann sé deis do pháirtithe leasmhara trácht a dhéanamh ar fhoghlaim ón taithí a fuarthas ar chur i bhfeidhm na Rialachán ó 2016 i leith. Iarrtar ar rannpháirtithe sa chomhairliúchán machnamh a dhéanamh ar an méid a rinne siad faoi thrí phríomhthéama:

1. **An bhfuil dóthain cumhachtaí ag an Rialálaí chun dul i ngleic le droch-chaighdeán?**
2. **An bhfuil saincheisteanna ag teacht chun cinn i gcur i bhfeidhm na Rialachán a éilíonn athruithe ar reachtaíocht nó ar na Rialacháin?**
3. **An bhfuil athruithe ar reachtaíocht nó ar na Rialacháin a thabharfadh rochtain níos fearr do thuismitheoirí ar fhaisnéis faoi chaighdeán na seirbhísí?**

Tá achoimre ar gach ceann de na réimsí atá le breithniú faoi na trí théama seo leagtha amach thíos:

### *Cuid 1 - An bhfuil dóthain cumhachtaí ag an Rialálaí chun dul i ngleic le droch-chaighdeán?*

Is í Cigireacht Luathbhlianta Tusla (EYI Tusla) an rialtóir reachtúil neamhspleách don earnáil atá freagrach as seirbhísí a chlárú, cigireacht a dhéanamh i gcomhréir leis na Rialacháin agus gníomh forfheidhmiúcháin a thionscnamh nuair is gá. Le leasú 2013 ar an Acht agus Rialacháin 2016, tugadh cumhachtaí suntasacha nua do EYI Tusla, lena n-áirítear na cumhachtaí chun clár a chothabháil, diúltú seirbhís a chlárú, coinníollacha áirithe a chur i bhfeidhm ar sheirbhís chláraithe, seirbhís a bhaint den chlár mura bhfuil siad ag feidhmiú de réir na Rialachán, duine atá ag oibriú seirbhíse neamhchláraithe a ionchúiseamh, agus duine nach gcomhlíonann coinníoll clárúcháin a ionchúiseamh.

Ó cuireadh na Rialacháin i bhfeidhm, bhí líon an-bheag cásanna inar tástáladh éifeachtacht na gcumhachtaí seo. Cé gur féidir le EYI Tusla seirbhís a bhaint den chlár as sárú tromchúiseach leanúnach ar na Rialacháin, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina phróiseas fada dlí. Níl sé de chumhacht ag Tusla seirbhís a dhúnadh láithreach agus go sealadach, fiú sa chás go bhfuil imní ann faoi sháruithe suntasacha ar na Rialacháin.

Sa chás go bhfuil seirbhís ag feidhmiú gan chlárú, féadfaidh Tusla Ordú Cúirte a lorg chun dul isteach sa tseirbhís, féadfaidh sé treoir a thabhairt don tseirbhís scor de bheith ag feidhmiú agus féadfaidh sé ionchúiseamh a thionscnamh i gcoinne na seirbhíse; mar sin féin, níl sé de chumhacht aige an tseirbhís neamhchláraithe a dhúnadh láithreach.

Tá DCEDIY anois ag smaoineamh ar chumhachtaí a thabhairt isteach chun cur ar chumas Tusla seirbhís neamhchláraithe a dhúnadh nó chun seirbhís chláraithe a dhúnadh láithreach agus go sealadach i gcás ina bhfuil imní shuntasach leasa nó sábháilteachta uirthi. Is iad seo na hathruithe is suntasaí atá á mbreithniú agus ní bheadh tionchar acu ach ar líon an-bheag seirbhísí.

Tá DCEDIY ag smaoineamh freisin ar roinnt cumhachtaí forfheidhmithe breise a chur san áireamh sa reachtaíocht a d'fhéadfadh cur ar chumas EYI Tusla gníomh tapa a dhéanamh i gcás ina bhfuil imní shuntasach ann faoi sheirbhís nó faoi ghné ar leith de sheirbhís ach i gcás nach bhfuil dúnadh na seirbhíse riachtanach ná cuí. D'fhéadfadh fógraí feabhsúcháin reachtúla, fógraí gnímh láithrigh reachtúla agus pionóis i leith neamhchomhlíonta a bheith san áireamh anseo. Ag brath ar dhéine an neamhchomhlíonta, d'fhéadfaí na gníomhartha sin a dhéanamh láithreach nó mar chuid de chonair fhorfheidhmithe ghéaraithe.

Tá an DCEDIY ag lorg tuairimí maidir le cé acu ba chóir nó nár cheart na cumhachtaí breise dá dtagraítear thuas (agus / nó eile) a sholáthar sa reachtaíocht.

### *Roinn 2 - An bhfuil saincheisteanna ag teacht chun cinn i gcur i bhfeidhm na Rialachán a éilíonn athruithe ar reachtaíocht nó ar na Rialacháin?*

Cé nach athbhreithniú iomlán é seo ar gach gné de na Rialacháin, tugann sé deis aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn chur i bhfeidhm na Rialachán reatha ó tháinig siad i bhfeidhm in 2016.

Is é cuspóir na Rialachán sláinte, sábháilteacht agus leas a dhaingniú agus forbairt leanaí atá ag freastal ar sheirbhísí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige a chur chun cinn**,** agus leagtar síos sna Rialacháin **na híoschaighdeáin** a theastaíonn chun go gcláróidh seirbhísí le Tusla agus chun seirbhís ELC a oibriú.

D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag easpa soiléire nó ag ualach riaracháin nach bhfuil gá leis ar cháilíocht na seirbhísí, mar sin tá sé tábhachtach a mheas an bhfuil na riachtanais rialála reatha soiléir, an gá teanga a shoiléiriú nó tuilleadh sonraí a áireamh faoi ghné ar bith de na Rialacháin, agus an bhfuil an riarachán a theastaíonn chun na rialacháin a chomhlíonadh iomarcach ar bhealach ar bith nó an féidir é a shruthlíniú nó a laghdú gan tionchar diúltach a imirt ar cháilíocht na seirbhíse. D'fhéadfadh riachtanais maidir le clárú, bainistíocht agus soláthar foirne, faisnéis agus taifid, cúram leanaí, sábháilteacht, áitribh, fógraí agus gearáin, agus cigireacht a bheith san áireamh leis seo.

Ní bhaineann an t-athbhreithniú seo leis an íosriachtanas cáilíochta d'oideoirí luathbhlianta, a ndearnadh athbhreithniú air cheana féin i gcomhthéacs "Scileanna a Chothú": an Plean Lucht Saothair d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile, 2022-2028.

### *Roinn 2a - An bhfuil saincheisteanna ag teacht chun cinn i gcur i bhfeidhm na Rialachán a éilíonn athruithe ar reachtaíocht nó ar na Rialacháin? – Seirbhísí Amuigh faoin spéir*

Le dhá bhliain anuas iarradh ar sheirbhísí díriú níos mó ar shúgradh faoin spéir agus tá méadú tagtha freisin ar sheirbhísí atá ag feidhmiú go hiomlán amuigh faoin spéir. Mar sin féin, níl aon sainmhíniú ar "sheirbhís amuigh faoin aer" sna Rialacháin faoi láthair agus níl aon

íosriachtanais spáis ann do sheirbhís amuigh faoin spéir nó do spásanna amuigh faoin spéir i seirbhísí a oibríonn taobh istigh.

Ba mhaith le DCEDIY aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin sna Rialacháin agus áirítear leis íoscheanglais shonracha maidir le seirbhísí amuigh faoin spéir agus spásanna amuigh faoin spéir atá ceangailte le seirbhísí. Dá dtabharfaí isteach riachtanais rialála shonracha maidir le spás amuigh faoin spéir, thabharfaí soiléireacht do sheirbhísí agus leagfaí síos na híoschaighdeáin ar féidir leis an Rialálaí seirbhísí a iniúchadh ina n-aghaidh. Aithnítear go bhfuil spás teoranta nó nach bhfuil spás lasmuigh ar bith ag roinnt seirbhísí agus mar sin bheadh gá le haon athrú beartaithe ar na Rialacháin é sin a chur san áireamh.

### *Cuid 3 - An bhfuil athruithe ar reachtaíocht nó ar na Rialacháin a thabharfadh rochtain níos fearr do thuismitheoirí ar fhaisnéis faoi chaighdeán na seirbhísí?*

Roinneann seirbhísí agus tuismitheoirí faisnéis ar bhonn leanúnach ar raon saincheisteanna ach níl aon cheanglas dlíthiúil ann faoi láthair go roinnfidh seirbhísí torthaí cigireachta nó go gcuirfí in iúl do thuismitheoirí má tá siad faoi réir gníomh forfheidhmithe rialála. Níl rochtain ag EYI Tusla ar shonraí teagmhála tuismitheoirí agus níl sé in ann faisnéis a roinnt go díreach le tuismitheoirí ach cuirtear tuairiscí cigireachta agus dáta na cigireachta deireanaí ar sheirbhís ar fáil (i gcásanna nach bhfuil an tuarascáil tugtha chun críche go fóill).

Tá an DCEDIY ag lorg tuairimí ar athruithe ar reachtaíocht nó ar na Rialacháin a thabharfadh rochtain níos fearr do thuismitheoirí ar fhaisnéis faoi cháilíocht na seirbhísí, cén fhaisnéis ba cheart a roinnt le tuismitheoirí maidir le hábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ag EYI Tusla faoi sheirbhísí ar dhroch-chaighdeán nó maidir le gníomh forfheidhmiúcháin atá á dhéanamh i gcoinne seirbhíse agus cathain ba cheart é sin a roinnt. Chuirfeadh an DCEDIY fáilte freisin roimh thuairimí maidir le cé ba chóir a bheith freagrach as faisnéis a roinnt e.g. EYI Tusla, an soláthraí seirbhíse nó eile.